

Gníomhaíocht Daltaí: Céatadáin a chur i gComparáid

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Céatadáin i gComparáid' ar CD an Dalta.

1. Léirigh na céatadáin seo a leanas ar na huimhirlínite thíos. Abair cé acu is mó i ngach cás, agus cén fáth.

(a) 40% agus 50% 0% 100%

An fáth:

(b) 99% agus 9.9% 0% 100%

An fáth:

(c) 75% agus 57% 0% 100%

An fáth:

(d) 33.3% agus an 0% 100%
 codán $\frac{1}{3}$

An fáth:

(e) 89% agus 98% 0% 100%

An fáth:

2. Cé acu ab fhearr leat, 25% nó $\frac{2}{3}$ de do rogha cáca?
 Mínigh.
-

3. D'ith Niall 30% de cháca agus thug sé 25% dá raibh fágtha dá chara.

(a) Cén céatadán den cháca iomlán a itheadh?

(b) Cén céatadán den cháca iomlán a bhí fágtha?



-
4. Fuair Mallaí 56% sa scrúdú Mata agus fuair Zoe $\frac{3}{4}$ de na ceisteanna ceart sa scrúdú céanna. Cé acu ab fhearr? Cén fáth?



-
5. Fuair Sadhbh 45 marc i scrúdú nuair ba é 50 an marc iomlán, agus fuair Laoise 21 marc i scrúdú nuair ba é 25 an marc iomlán. Cé acu dalta a fuair an marc ab fhearr, má bhí an dá scrúdú ar an gcaighdeán céanna?

-
6. D'ith Dónall 40% de mhála milseán, agus thug sé 50% dá raibh fágtha dá chara, Eoin. Má bhí 40 milseán sa mhála ar dtús:

(a) Cé mhéad milseán a d'ith Dónall? Mínigh do fhreagra.


(b) Cé mhéad milseán a d'ith Eoin? Mínigh do fhreagra.

(c) Cé mhéad milseán a bhí fágtha? Mínigh do fhreagra.

-
7. Tá rang i scoil áirithe ina bhfuil 15 chailín agus 10 buachaillí. Caitheann cúigear cailíní spéaclaí, agus caitheann beirt bhuachaillí spéaclaí:

(a) Cén céatadán cailíní atá sa rang? Mínigh do fhreagra.

(b) Cén céatadán buachaillí atá sa rang? Mínigh do fhreagra.



(c) Cén céatadán de na cailíní a chaitheann spéaclaí? Mínigh.

(d) Cén céatadán den rang ar fad a chaitheann spéaclaí? Mínigh.

(e) I rang eile sa scoil chéanna, tá 10% de na daltaí a rothaíonn ar scoil agus is cosúil go bhfuil 27 dalta sa rang sin nach rothaíonn ar scoil. Cé mhéad dalta sa rang sin?

8. Má tá 1 aonad iomlán cothrom le 100%.

(a) Cén céatadán é 2 aonad iomlána?

(b) Cén céatadán é $2\frac{1}{2}$ aonad iomlán?

9. An bhfuil 40% de €400 níos mó ná nó níos lú ná 0.75 de €200? Mínigh do fhreagra.

10. Má tá $\frac{\text{Cuid}}{\text{Iomlán}} = \frac{\text{Céatadán}}{100}$ freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) Céard é 12% de 250?

(b) Is ionann 25 agus 40% de céard?

(c) Cén céatadán é 72 de 150?

